

Déanfar MRBanna le linn tréimhse shonrach ama i rith gnátham teagmhála ranga agus de réir clár ama náisiúnta. Déanfaidh scoláirí MRB amháin sa dara bliain agus ceann sa tríú bliain i mórchuid na n-ábhar.



Déanfar na MRBanna a thuiriscíú ar an PGSS ag úsáid na dtuiriscíní seo a leanas:-

- Thar barr ar fad
- Os cionn na hionchas
- Ag teacht leis na hionchais
- Níor chomhlíon na hionchais go fóill

Nuair a bheidh an dara Measúnú Rangbhunaithe (MRB) déanta, déanfaidh scoláirí an tríú bliain Tasc Measúnaithe scríofa ar an méid atá foghlamtha acu agus ar na scileanna agus na hinniúlachtaí atá forbartha acu sa mheasúnú sin. Déantar an tasc sin, a shocróidh an Chomhairle Náisiúnta Curaclaim agus Measúnachta (CNCM), le linn gnátham ranga agus cuirfear ar aghaidh chuig Coimisiún na Scrúduithe Stáit é le haghaidh a mharcála. Is fiú 10% den mharc iomlán don scrúdú deiridh an Tasc Measúnaithe seo. Déantar socrúithe ar leith le haghaidh Amharc-Ealaíne, Ceoil, Eacnamaíocht Bhaile agus na n-ábhar Teicneolaíochta. Ag deireadh an tríú bliain, tabharfaidh scoláirí faoi scrúdú deiridh an CSS i Meitheamh, ar fiú 90% de ghrád an CSS é.

Gearrchúrsaí

Féadfaidh scoileanna gearrchúrsaí a thairiscint ar chlár na sraithe sóisearaí acu. Deartar gearrchúrsa i gcomhair tuairim ar 100 uair de rannpháirtíocht scoláirí thar dhá nó trí bliana den tsraith shóisearach. Tá gearrchúrsaí curtha ar fáil ag an CNCM i gCódú, an tSínis agus Cultúr na Sine, Litearthacht sna Meáin Dhigiteacha, Taibhiú Ealaíne, Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil, Corpoideachas agus Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte. Is féidir le scoileanna a ngearrchúrsaí féin a fhorbairt chun freastal ar riachtanais a gcuid scoláirí.

Eispéiris Foghlama eile

Beidh faille ag scoláirí a bheith ag plé le réimse d'eispéiris foghlama eile mar chuid dá gclár don tsraith shóisearach agus is féidir iad sin a thairiscint ar an PGSS. Bíonn ról an-tábhachtach ag eispéiris foghlama eile chun a chinntiú go dtugtar eispéireas oideachais do scoláirí atá leathan agus cothrom. D'fhéadfadh gurb é a bheadh sna heispéiris foghlama sin scoláire a bheith páirteach in aonach eolaíochta, i léiriú ceoldráma nó i gcomórtas díospóireachta.

Sin nó thiofadh leo imeachtaí seach-churaclaim a chlúdach, a leithéid:-

- ballraíocht ar chomhairle scoláirí na scoile nó i gclubanna agus cumainn scoile
- rannpháirtíocht in imeachtaí spóirt na scoile

Tuairiscíú sa tSraith Shóisearach

Cuirfidh struchtúr nua tuairiscithe sa tSraith Shóisearach le forbairt phearsanta agus oideachasúil scoláirí. Beidh sé ina bhonn agus ina thaca ag foghlaim agus ag measúnú leanúnach.

Ar bhonn rialta, beidh scoileanna:

- Ag soláthar eolais do thuismitheoirí ar ghnóthachtáil agus ar dhul chun cinn a bpáiste
- Ag tacú le scoláirí ina gcuid foghlama trí na chéad chéimeanna eile a mholadh agus aiseolas a thabhairt chun cabhrú le féinmheastóireacht scoláirí

Is é bronnadh an PGSS ar scoláirí an chríoch a bheidh leis an bpróiseas tuairiscithe ag an tsraith shóisearach. Bronnadh an PGSS don chéad uair i bhfómhar na bliana 2017.

Folláine Scoláirí

Tá leas an pháiste s'agat forthábhachtach i dtaca lena rath oideachasúil agus lena shonas go ginearálta. Beidh folláine ina croíchuid d'eispéireas na sraithe sóisearaí ag do pháiste. Cuimsíonn an réimse foghlama seo, i measc rudaí eile, Corpoideachas (CO), Oideachas Saoránach, Sóisialta agus Polaitiúil (OSSP), Oideachas Sóisialta, Pearsanta agus Sláinte (OSPS) [lena n-áirítear Oideachas Caidrimh agus Gnéasachta (OCG)], agus Oideachas Treorach.

Clár Foghlama Leibhéal 2

Tá conair nua ann sa tSraith Shóisearach do scoláirí a bhfuil sainriachtanais speisialta oideachais acu ar a dtugtar Clár Foghlama Leibhéal 2 (CFL2anna).

Tá siad sin á gcur i bhfeidhm go rathúil i scoileanna speisialta agus tá siad ar fáil do roinnt scoláirí in iar-bhunscoileanna príomhshruitha freisin. Gheobhaidh scoláirí a dhéanann an clár seo tuairisc ar a gcuid torthaí ar an PGSS.

Clár Foghlama Leibhéal 1 (CFL1anna)

Cuireadh tús le Clár Foghlama Leibhéal 1 i mí na Bealtaine 2018.

Chun tuilleadh eolais a fháil ar an tSraith Shóisearach nua téigh chuig- www.curriculumonline.ie - le haghaidh sonraíochtaí ábhar agus gearrchúrsaí agus le haghaidh eolais i dtaca le measúnú.

www.jct.ie - chun eolas a fháil ar FGL do mhúinteoirí agus eolas ginearálta ar an tsraith shóisearach nua.



Lean sinn ar Twitter @JCforTeachers

Eolas ar an tSraith Shóisearach do Thuismitheoirí Scoláirí Iar-Bhunscoile

An tSraith Shóisearach do Mhúinteoirí
JuniorCYCLE
for teachers



An Roinn Oideachais agus Scileanna
Department of Education and Skills

An tSraith Shóisearach: Oideachas leathan do do pháiste

Cuirfidh an tSraith Shóisearach nua scoláirí i gceartlár an phróisis fhoghlama. Tugann sí deis le haghaidh bealaí nua foghlama agus réimse níos leithne scileanna a mheas mar is ceart. Is í an sprioc atá leis an mbileog seo tuismitheoirí scoláirí iar-bhunscóile a chur ar an eolas faoi na príomhathruithe atá ar siúl.

Prionsabail, Príomhscileanna agus Raitis Foghlama

Tá sraith prionsabal, príomhscileanna agus raitis foghlama taobh thiar den tsraith shóisearach nua. Cinnteoidh siad sin go bhfaigheann do pháiste eispéireas saibhir oideachais a bhfuil idir leithhead agus doimhneacht ag baint leis. Beidh teacht ag do pháiste ar churaclam ilchineálach eolais, tuiscintí, scileanna agus luachanna.

Tá ocht bprionsabal mar bhonn agus mar thaca ag an gcreat don tSraith Shóisearach. Tá siad seo mar bhonn don phleanáil le haghaidh chlár na sraithe sóisearaí i ngach scoil, chomh maith lena fhorbairt agus a chur i bhfeidhm. Is iad seo ocht bprionsabal na sraithe sóisearaí:-

- *Ag foghlaim conas foghlaim*
- *Rogha agus Solúbthacht*
- *Ardchaighdeán*
- *Cruthaitheacht agus Nuáil*
- *Caidreamh agus rannpháirtíocht*
- *Leanúnachas agus Forbairt*
- *Oideachas Cuimsitheach*
- *Folláine*

Tá ocht bpríomhscil le fáil síos tríd an gcuraclam ar fad.



Trína gcuid rannpháirtíochta leis na príomhscileanna, beidh scoláirí:

- níos gníomhaí leis an bhfoghlaim s'acu féin
- ag glacadh seilbh níos mó ar a gcuid foghlama
- iontach rannpháirteach i gcúrsaí teicneolaíochta digití
- spreagtha chun fadhbanna a réiteach agus smaoineamh go criticiúil agus go cruthaitheach

Cuireann na ceithre ráiteas foghlama is fiche síos ar na rudaí ar chóir go mbeadh eolas, tuiscint agus meas ag do pháiste orthu tar éis dóibh páirt a ghlacadh sa tSraith Shóisearach. Cinnteoidh scoileanna go mbíonn gach ráiteas foghlama le fáil sa chlár a chuireann siad ar fáil do scoláirí na sraithe sóisearaí.

Is trí shonraíochtaí nua a phléifidh scoláire a théann isteach sa chéad bhliain le habhair uile na Sraithe Sóisearaí



An chaoi a ndéanfar measúnú ar ghnóthachtáil scoláirí ag an tSraith Shóisearach

Is i gcúrsaí measúnaithe atá an t-athrú is suntasaí sa tSraith Shóisearach nua. De bharr déchuir chuige i leith an mheasúnaithe, ina bhfuil measúnú rangbhunaithe thar na trí bliana agus scrúdú stát-teistithe a mheastar go seachtrach, is féidir an chothromaíocht chuí a aimsiú idir scoláirí a ullmhú le haghaidh scrúduithe agus smaointeoireacht chruthaitheach, foghlaim tharraingteach agus torthaí níos fearr do scoláirí a éascú. Ón bhfómhar in 2017, gheobhaidh scoláirí na sraithe sóisearaí Próifíl Ghnóthachtála na Sraithe Sóisearaí nua (PGSS). Léireoidh an PGSS réimse i bhfad níos leithne de ghnóthachtálacha do pháiste thar thrí bliana na sraithe sóisearaí. Beidh tuairisc sa PGSS ar roinnt réimsí difriúla, ina measc:-

1. Ábhair (Scrúdú stát-teistithe agus Tasc Measúnaithe)
2. Measúinthe Rangbhunaithe (MRBanna)
3. Gearrchúrsaí
4. Réimsí Foghlama Eile
5. An Clár Folláine

Ábhair

Beidh scoileanna in inmhe roghnú ó líon iomlán de 21 ábhar dhifriúla le cur isteach ina gclár don tsraith shóisearach. Tá gach ábhar á athbhreithniú agus beidh a shonraíocht féin ag gach ceann acu a ghlacfaidh áit an tsiollabais mar a bhíodh aithne air roimhe seo. Cuireann gach sonraíocht síos ar an bhfoghlaim a thitfidh amach mar chuid de staidéar scoláire ar ábhar sa tSraith Shóisearach. Faoi 2019 beidh gach sonraíocht nua ábhair tugtha isteach. Is féidir le scoláirí suas le 10 n-ábhar a dhéanamh ar a mhéad don PGSS, agus má chuireann a scoil gearrchúrsaí ar fáil is féidir leo 9 n-ábhar a dhéanamh móide 2 ghearrchúrsa nó 8 n-ábhar móide 4 ghearrchúrsa le haghaidh a dteistiúcháin.

Déanfar grádú difriúil freisin ar an scrúdú stáit a dtabharfaidh scoláirí faoi ina n-ábhar ag deireadh a sraithe sóisearaí. In áit A, B, C, D, E, F agus NG, úsáidfead feasta na tuairiscíní seo a leanas:

Gradam	90	go	100%
Arduilleanas	75	go	89%
Tuilleanas	55	go	74%
Gnóthaithe	40	go	54%
Páirtghnóthaithe (Gan Ghrádú)	20	go	39%
	0	go	19%

Measúinthe Rangbhunaithe

Tugann Measúinthe Rangbhunaithe (MRBanna) deiseanna do scoláirí a gcuid foghlama agus scileanna a léiriú ar bhealaí nach féidir a dhéanamh i scrúdú le peann agus páipéar, mar shampla, a gcumas cumarsáide ó bhéal agus a gcuid scileanna fiosrúcháin. Déanfar MRBanna in ábhair agus i ngearrchúrsaí agus is é an múinteoir ranga a dhéanfaidh iad a éascú.